AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 19.7.2024
COM(2024) 931 final

2024/0185 (BUD)

Togra le haghaidh

DRÉACHTBHUISÉAD LEASAITHEACH Uimh. 4
A GHABHANN LE BUISÉAD GINEARÁLTA 2024

Nuashonrú ar ioncam (acmhainní dílse) agus coigeartuithe ar roinnt gníomhaireachtaí díláraithe

Ag féachaint don mhéid seo a leanas:

– an Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 314 de, i gcomhar leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 106a de,

– Cinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh[1], a tháinig i bhfeidhm an 1 Meitheamh 2021,

– Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (...)[2], agus go háirithe Airteagal 44 de,

– buiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2024, arna ghlacadh an 22 Samhain 2023[3],

– buiséad leasaitheach Uimh. 1/2024[4], a glacadh an 25 Aibreán 2024,

– buiséad leasaitheach Uimh. 2/2024[5], a glacadh an 25 Aibreán 2024,

– dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 2/2024[6], a glacadh an 9 Aibreán 2024,

Leis seo, cuireann an Coimisiún Eorpach dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 4 a ghabhann le buiséad 2024 faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus faoi bhráid na Comhairle.

ATHRUITHE AR AN RÁITEAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS DE RÉIR ROINNE

Tá na hathruithe ar an ráiteas ginearálta ioncaim agus ar roinn III féin le fáil ar EUR-Lex (https://eur-lex.europa.eu/budget/www/index-ga.htm).

---

1 Cinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2014/335/AE, Euratom, IO L 424, 15.12.2020.

2 Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012, IO L 193, 30.7.2018.

3 IO L, 2024/207, 22.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/budget/2024/207/oj.

4 IO L 2024/1430, 5.6.2024 ELI: http://data.europa.eu/eli/budget_suppl_amend/2024/1430/oj.

5 IO L 2024/1509, 18.6.2024 ELI: http://data.europa.eu/eli/budget_suppl_amend/2024/1509/oj.

6 COM(2024) 920, 9.4.2024.

Clár Ábhar

1. RÉAMHRÁ 3

2. NUASHONRÚ AR IONCAM 4

2.1 TIONCHAR FORIOMLÁN DBL 4/2024 AR DHÁILEADH IOMLÁN NA N-ÍOCAÍOCHTAÍ ACMHAINNÍ DÍLSE IDIR NA BALLSTÁIT 4
2.2 ATHBHREITHNIÚ AR RÉAMHAISNÉISÍ NA MBONN ADT, CBL, PPW AGUS OIN 5
2.3 RANNÍOCAÍOCHT NA RÍOCHTA AONTAITHE 7
2.4 FÍNEÁLACHA AGUS ÍOCAÍOCHTAÍ PIONÓSACHA 9
2.5 TIONCHAR AR AN RANNÍOCAÍOCHT ACMHAINNE DÍLSE BUNAITHE AR OIN LE HAGHAIDH 2024 10

3. NUASHONRÚ AR MHÍREANNA CAITEACHAIS 12

3.1 TREISIÚ GHNÍOMHAIREACHT AN AONTAIS EORPAIGH UM CHIBEARSHLÁNDÁIL (ENISA) 12
3.2 TREISIÚ GHNÍOMHAIREACHT AN AONTAIS EORPAIGH UM CHOMHAR IDIR RIALÁLAITHE FUINNIMH (ACER) 12
3.3 LAGHDÚ AR LÍON NA FOIRNE AGUS AR RANNÍOCAÍOCHT AN AONTAIS LEIS AN ÚDARÁS UM AN SCIÚRADH AIRGID A CHOMHRAC (ÚSAC) 13
3.4 INMHEÁNÚ POST CRITICIÚIL ÍOGAIR I NGNÍOMHAIREACHT AN AONTAIS EORPAIGH UM AN GCLÁR SPÁIS (EUSPA) 13
3.5 MÉADÚ AR RANNÍOCAÍOCHT AN AONTAIS LEIS AN NGNÍOMHAIREACHT LEIGHEASRA EORPACH (EMA) 13
3.6 MÉADÚ AR RANNÍOCAÍOCHT AN AONTAIS LE GNÍOMHAIREACHT AN AONTAIS EORPAIGH UM CHOMHAR CEARTAIS CHOIRIÚIL (EUROJUST) 14
3.7 TREISIÚ RANNÍOCAÍOCHT AN AONTAIS LE GNÍOMHAIREACHT AN AONTAIS EORPAIGH CHUN BAINISTIÚ OIBRÍOCHTÚIL A DHÉANAMH AR CHÓRAIS MHÓRSCÁLA TF SA LIMISTÉAR SAOIRSE, SLÁNDÁLA AGUS CEARTAIS (EU-LISA) 14

4. MAOINIÚ 15

5. TÁBLA ACHOMAIR DE RÉIR CHEANNTEIDEAL CAI 17

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. RÉAMHRÁ

Is é is príomhchuspóir do Dhréachtbhuiséad Leasaitheach (DBL) Uimh. 4 don bhliain 2024 gné ioncaim an bhuiséid a nuashonrú chun na forbairtí is déanaí a chur san áireamh a mhéid a bhaineann leis an méid a leanas:

– réamhaisnéisí nuashonraithe na n-acmhainní dílse le haghaidh bhuiséad 2024 a chomhaontaigh an Coiste Comhairleach maidir le hAcmhainní Dílse (CCAD) an 23 Bealtaine 2024. De ghnáth, cuirtear an nuashonrú sin i láthair go gairid tar éis chruinniú réamhaisnéise CCAD, i gcomhréir le hionchais na mBallstát go ndéanfar nuashonruithe CCAD a bhuiséadú a luaithe is féidir;

– nuashonrú a dhéanamh ar ioncaim eile amhail ranníocaíocht na Ríochta Aontaithe agus fíneálacha.

Ina theannta sin, áirítear le DBL 4/2024 na gnéithe sonracha a leanas a bhaineann le caiteachas:

– treisiú Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil (ENISA) i ndáil le glacadh an Ghnímh um Chibear-Athléimneacht a bhfuil sé beartaithe é a fhritháireamh ón gClár don Eoraip Dhigiteach;

– treisiú Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (ACER) i ndáil leis an Ráiteas Airgeadais Reachtach athbhreithnithe le haghaidh na rialacha athbhreithnithe maidir le dearadh an mhargaidh leictreachais;

– laghdú aonuaire ar an soláthar foirne agus ar ranníocaíocht an Aontais leis an Údarás um an Sciúradh Airgid a Chomhrac (ÚSAC), agus an mhoill ar a bhunú á cur san áireamh;

– treisiú Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis (EUSPA) chun cúraimí innealtóireachta criticiúla a inmheánú;

– treisiú ranníocaíocht an Aontais leis an nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach (EMA) tar éis don údarás buiséadach an comhad tógála le haghaidh an áitribh a bhíodh ag EMA i Londain a fhormheas;

– treisiú Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust) mar gheall ar bhrú láidir boilscitheach;

– treisiú Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA) chun freastal ar athruithe ar shainordú na gníomhaireachta tar éis Ráitis Airgeadais Reachtacha nua nó athbhreithnithe. Tá tionchar aige sin freisin ar FRONTEX.

Ar an iomlán, is méadú EUR 12,0 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus faoi chomhair íocaíochtaí atá ann mar thoradh ar thionchar glan DBL 4/2024 ar chaiteachas.

2. NUASHONRÚ AR IONCAM

2.1 Tionchar foriomlán DBL 4/2024 ar dháileadh iomlán na n-íocaíochtaí acmhainní dílse idir na Ballstáit

Comhaontaíodh na réamhaisnéisí athbhreithnithe le haghaidh 2024 ag an 191ú cruinniú de chuid CCAD an 23 Bealtaine 2024. Tá gá leis na coigeartuithe ar ghné ioncaim an bhuiséid chun na meastacháin ar Acmhainní Dílse Traidisiúnta (ADT) agus na hacmhainní dílse atá bunaithe ar an gCáin Bhreisluacha (CBL), ar Dhramhaíl ó Phacáistíocht Phlaisteach neamh-athchúrsáilte (PPW) agus ar Ollioncam Náisiúnta (OIN) a thabhairt cothrom le dáta, agus réamhaisnéisí eacnamaíocha an earraigh á gcur san áireamh (féach roinn 2.2).

Thairis sin, déantar méid na n-ioncam eile a thabhairt cothrom le dáta chun ranníocaíocht athbhreithnithe na Ríochta Aontaithe, chomh maith le fíneálacha agus íocaíochtaí pionósacha arna mbriseadh go cinnte, a chur san áireamh go dtí mí an Mheithimh 2024 (féach ranna 2.3 agus 2.4, faoi seach).

Léirítear tionchar foriomlán choigeartuithe ioncaim uile an DBL seo sa tábla achomair thíos. Léirítear sa tábla seo freisin dáileadh iomlán na n-íocaíochtaí acmhainní dílse i measc na mBallstát mar a dhéantar iad a bhuiséadú i mbuiséad tosaigh 2024, mar a áirítear in BL 1/2024, BL 2/2024, DBL 2/2024, agus ar deireadh, mar a áirítear sa DBL 4/2024 seo.

Dáileadh iomlán na n-íocaíochtaí acmhainní dílse arna ndéanamh ag na Ballstáit (i milliúin EUR)

	Buiséad 2024	**BL 1/2024**	**BL 2/2024**	**DBL 2/2024**	**DBL 4/2024**
	(1)	(2)	(3)	(4)	(5)
BE	6 235,0	6 376,5	6 376,6	6 355,0	6 495,0
BG	867,5	890,6	890,6	887,1	856,6
CZ	2 670,4	2 747,6	2 747,7	2 735,9	2 564,8
DK	2 692,7	2 786,8	2 786,9	2 772,5	2 743,5
DE	30 152,4	31 185,0	31 185,9	31 028,2	31 522,1
EE	357,3	366,9	366,9	365,5	318,8
IE	3 329,8	3 430,4	3 430,5	3 415,1	3 314,6
EL	1 899,9	1 954,5	1 954,6	1 946,2	1 924,2
ES	12 632,3	12 980,8	12 981,1	12 927,9	13 200,1
FR	23 427,6	24 129,5	24 130,1	24 022,9	24 255,7
HR	597,5	615,6	615,7	612,9	681,9
IT	17 240,8	17 740,4	17 740,8	17 664,5	17 852,8
CY	232,7	239,3	239,3	238,3	252,5
LV	378,5	389,0	389,0	387,4	351,7
LT	684,9	702,7	702,7	700,0	632,6
LU	413,1	426,7	426,7	424,6	408,7
HU	1 870,0	1 919,6	1 919,7	1 912,1	1 840,8
MT	151,9	156,1	156,1	155,5	163,0
NL	8 391,8	8 635,6	8 635,8	8 598,6	8 630,8
AT	3 095,3	3 214,1	3 214,2	3 196,0	3 229,7

PL	7 215,9	7 400,2	7 400,4	7 372,3	7 183,4
PT	2 203,3	2 265,3	2 265,4	2 255,9	2 348,0
RO	2 716,6	2 798,0	2 798,1	2 785,7	2 803,8
SI	733,6	749,4	749,4	747,0	638,5
SK	990,5	1 020,4	1 020,5	1 015,9	994,5
FI	2 109,8	2 177,3	2 177,3	2 167,0	2 194,8
SE	3 208,0	3 344,3	3 344,4	3 323,6	3 627,3
AE	**136 499,2**	**140 642,8**	**140 646,4**	**140 013,7**	**141 030,1**

2.2 Athbhreithniú ar réamhaisnéisí na mbonn ADT, CBL, PPW agus OIN

I gcomhréir le hAirteagal 44(1), an chéad fhomhír, pointe (b) den Rialachán Airgeadais[7], tá sé beartaithe ag an gCoimisiún maoiniú an bhuiséid a athbhreithniú ar bhonn réamhaisnéisí eacnamaíocha nuashonraithe. De réir an chleachtais sheanbhunaithe, comhaontaítear na réamhaisnéisí athbhreithnithe ioncaim leis na Ballstáit i nós imeachta réamhaisnéise CCAD.

Baineann an t-athbhreithniú leis an réamhaisnéis maidir le ADT atá le híoc leis an mbuiséad in 2024, chomh maith le réamhaisnéis na mbonn CBL, PPW agus OIN le haghaidh 2024. Comhaontaíodh an réamhaisnéis a áirítear i mbuiséad 2024 sa 188ú cruinniú de chuid CCAD, a tionóladh an 25 Bealtaine 2023. Cuirtear san áireamh san athbhreithniú sa DBL 4/2024 atá ann faoi láthair na réamhaisnéisí a comhaontaíodh ag an 191ú cruinniú de chuid CCAD, a reáchtáladh an 23 Bealtaine 2024. Trí réamhaisnéis nuashonraithe maidir le hacmhainní dílse a úsáid, cuirtear feabhas ar chruinneas na réamhaisnéisí ioncaim agus, dá bhrí sin, cuirtear feabhas ar chruinneas na n-íocaíochtaí a iarrtar ar na Ballstáit a dhéanamh le buiséad an Aontais le linn na bliana airgeadais.

Tá réamh-mheastacháin ioncaim an Choimisiúin bunaithe ar réamhaisnéis eacnamaíoch an earraigh, 2024 ón gCoimisiún[8], ina bhfacthas téarnamh i ngeilleagar an Aontais ag tús na bliana tar éis tréimhse fhada marbhántachta. Maidir leis an ráta fáis measta de 0,3 % le haghaidh na chéad ráithe de 2024, cé go bhfuil sé fós faoi bhun na hacmhainneachta measta, is mó é ná an ráta lena raibh coinne. Leathnaíodh gníomhaíocht sa limistéar euro ar an luas céanna, rud a chuir deireadh leis an gcúlú éadrom a tharla sa dara leath den bhliain seo caite. Idir an dá linn, tháinig laghdú breise ar an mboilsciú ar fud an Aontais sa chéad ráithe.

I réamhaisnéis an earraigh táthar ag tuar go mbeidh fás OTI 1,0 % san Aontas in 2024 agus fás 0,8 % sa limistéar euro. Is méadú beag é sin ar réamhaisnéis eatramhach an gheimhreadh 2024 le haghaidh an Aontais, ach níl aon athrú tagtha ar an réamhaisnéis le haghaidh an Limistéir euro. Rud atá tábhachtach, meastar go dtiocfaidh fás athuair ar na geilleagair i mbeagnach gach Ballstát in 2024. Tuartar go dtiocfaidh feabhas ar fhás OTI an Aontais go 1,6 % in 2025, is é sin, athbhreithniú anuas de 0,1 pointe céatadáin ó leibhéal an gheimhridh. Sa limistéar euro, tuartar go mbeidh fás OTI níos ísle ann in 2025, fás 1,4 %, agus é athbhreithnithe anuas beagán freisin.

Le míonna beaga anuas, tá méadú tagtha ar na rioscaí ar an taobh thíos don réamhaisnéis eacnamaíoch, rioscaí a tionscnaíodh lasmuigh den Aontas mar thoradh ar dhá chogadh atá fós ar siúl inár gcomharsanacht agus ar theannas geopholaitiúil atá ag dul i méid. Dealraíonn sé go mbaineann leochaileacht ar leith leis an trádáil dhomhanda agus na margaí fuinnimh.

---

7 Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (IO L 193, 30.7.2018, lgh. 1–222).

8 An Coimisiún Eorpach, 2024, Réamhaisnéis Eacnamaíoch na hEorpa, Earrach 2024, Geilleagar na hEorpa, Páipéar Institiúideach 286.

An cás eacnamaíoch atá ina bhonn le buiséad 2024, aistrítear é go dtí na meastacháin is déanaí maidir le hAcmhainní Dílse Traidisiúnta agus boinn na n-acmhainní dílse eile:

- Tuartar go mbaileofar EUR 20 119,0 milliún ar an iomlán i ndleachtanna custaim in 2024, gan costais bhailiúcháin 25 % a áireamh, ar méadú 18,3 % é i gcomparáid leis an réamhaisnéis EUR 24 620,4 milliún atá san áireamh i mbuiséad 2024. Rinne an Coimisiún comparáid idir torthaí mhodh traidisiúnta réamhaisnéise CCAD (bunaithe ar na rátaí fáis atá tuartha d'allmhairí lasmuigh den Aontas) agus torthaí an mhodha eachtarshuímh (bunaithe ar na sonraí olltoraidh is déanaí maidir le dleachtanna custaim a bailíodh, i.e. Eanáir – Aibreán 2024). Mar atá tarlaithe le blianta beaga anuas, glacann an Coimisiún cur chuige coimeádach lena n-áirithítear bainistíocht fhónta airgeadais ar bhuiséad an Aontais i gcomhthéacs neamhchinnteachtaí eacnamaíocha agus airgeadais. Thairis sin, d'fhéadfadh aisíocaíochtaí breise a bheith ann le linn na bliana ar íocaíochtaí ADT roimhe seo a bhaineann le cásanna speisialta. Dá bhrí sin, roghnaíodh deighilt 1/3 - 2/3 a chur i bhfeidhm ar thoradh na modhanna traidisiúnta agus na modhanna eachtarshuímh chun athbhreithniú a dhéanamh ar réamhaisnéis ADT 2024, rud a d'fhág go raibh ioncam níos ísle de EUR 4,5 billiún ann i gcomparáid le DAB 2/2024.
- Tuartar anois gurb é EUR 7 864 305,3 milliún bonn CBL neamhchaidhpeáilte iomlán an Aontais i gcomhair 2024, ar méadú 0,6 % é i gcomparáid leis an réamhaisnéis EUR 7 909 213,8 milliún i mí na Bealtaine 2023. Tuartar gurb é EUR 7 820 900,1 milliún bonn[9] CBL caidhpeáilte iomlán an Aontais i gcomhair 2024, ar méadú 0,6 % é i gcomparáid leis an réamhaisnéis EUR 7 872 045,75 milliún i mí na Bealtaine 2023.
- Is é 9 813 692,0 tona an réamhaisnéis maidir le hacmhainn dhílis bunaithe ar an dramhaíl ó phacáistíocht (PPW) neamh-athchúrsáilte in AE in 2024, ar méadú beag 0,6 % é i gcomparáid leis an réamhaisnéis 9 756 010,6 tona i mí na Bealtaine 2023. Cuirtear ranníocaíochtaí comhfhreagracha na mBallstát ó PPW i láthair i dTábla 3 den iarscríbhinn bhuiséadach atá i gceangal.
- Tuartar gurb é EUR 17 775 997,4 milliún bonn OIN iomlán an Aontais le haghaidh 2024, ar méadú 0,3 % é i gcomparáid leis an réamhaisnéis EUR 17 727 479,4 milliún i mí na Bealtaine 2023.

Baineadh úsáid as rátaí malairte an 29 Nollaig 2023 chun na boinn thuartha CBL agus OIN sna hairgeadraí náisiúnta a thiontú go EUR, le haghaidh na seacht mBallstát nach baill den limistéar euro iad. Seachnaíonn sé sin saobhadh, ós rud é go n-úsáidtear an ráta sin chun íocaíochtaí acmhainní dílse buiséadaithe a chomhshó ó EUR go hairgeadra náisiúnta nuair a ghlaoitear isteach na méideanna, mar a shonraítear in Airteagal 10a(1) de Rialachán 609/2014 ón gComhairle[10].

Leagtar amach sa tábla seo a leanas réamhaisnéisí athbhreithnithe ADT, boinn CBL neamhchaidhpeáilte, boinn PPW agus boinn OIN le haghaidh 2024, mar a glacadh iad ag an 191ú cruinniú de chuid CCAD:

[9] Sonraítear in Airteagal 2(1), pointe (b) den Chinneadh maidir le hAcmhainní Dílse 2020 nach rachaidh an bonn CBL thar 50 % de OIN i gcás gach Ballstáit. I gcás DBL 3/2023, déanfar an bonn CBL sa Chróit, sa Chipir, i Lucsamburg, i Málta, sa Pholainn agus sa tSlóivéin a chaidhpeáil ag 50 % de OIN.

[10] Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 609/2014 ón gComhairle an 26 Bealtaine 2014 maidir leis na modhanna agus an nós imeachta chun acmhainní dílse traidisiúnta, bunaithe ar CBL agus bunaithe ar OIN, a chur ar fáil agus maidir leis na bearta chun riachtanais airgid a chomhlíonadh (IO L 168, 7.6.2014, lch. 39), arna leasú go deireanach le Rialachán (AE, Euratom) 2022/615 ón gComhairle an 5 Aibreán 2022 (IO L 115, 13.4.2022, lch. 51).

Réamhaisnéisí athbhreithnithe na mbonn ADT, CBL, PPW agus OIN le haghaidh 2024

	Custaim (75 %)	Boinn CBL neamhchaidhpeáilte	Boinn PPW neamh-athchúrsáilte	Boinn OIN	Caidhpeáilte Boinn CBL[11]
	EUR milliún		tonaí	EUR milliún	
BE	2 168,7	241 457,3	192 903,3	617 576,6	241 457,3
BG	124,1	44 707,9	101 104,6	96 632,6	44 707,9
CZ	397,9	129 804,7	167 894,6	300 119,2	129 804,7
DK	351,2	150 389,9	169 703,7	402 684,8	150 389,9
DE	4 197,7	1 813 299,6	1 721 971,7	4 445 450,9	1 813 299,6
EE	32,9	19 429,8	26 082,5	37 984,4	18 992,2
IE	422,9	133 045,2	271 796,3	407 531,6	133 045,2
EL	215,2	100 779,3	202 001,5	228 947,6	100 779,3
ES	1 897,9	703 292,8	996 842,5	1 529 209,9	703 292,8
FR	1 896,1	1 431 209,9	1 873 074,6	2 967 744,6	1 431 209,9
HR	57,0	49 052,0	55 980,5	83 755,8	41 877,9
IT	2 126,6	977 799,4	1 190 583,1	2 153 932,9	977 799,4
CY	42,6	21 021,0	12 288,2	28 669,2	14 334,6
LV	43,6	18 999,3	30 044,2	41 764,1	18 999,3
LT	88,7	32 341,8	56 106,3	73 625,3	32 341,8
LU	14,1	42 032,4	13 482,3	54 191,3	27 095,65
HU	260,4	80 14,.4	289 422,3	203 919,5	80 142,4
MT	20,0	9 978,6	13 843,9	18 826,8	9 413,4
NL	3 178,3	489 144,3	294 135,6	1 075 690,3	489 144,3
AT	235,5	234 655,9	220 314,7	497 483,7	234 655,9
PL	968,1	413 390,4	729 965,8	811 633,1	405 816,55
PT	221,1	142 647,3	278 807,1	273 232,0	136 616,0
RO	242,9	125 907,6	405 789,6	343 656,2	125 907,6
SI	157,8	31 419,3	31 650,2	65 814,8	31 419,3
SK	105,7	51 311,1	50 246,8	127 477,7	51 311,1
FI	151,2	123 931,7	112 744,4	283 303,4	123 931,7
SE	500,8	253 114,4	304 911,7	605 139,1	253 114,4
AE	**20 119,0**	**7 864 305,3**	**9 813 692,0**	**17 775 997,4**	**7 820 900,1**

2.3 Ranníocaíocht na Ríochta Aontaithe

Tá ranníocaíocht na Ríochta Aontaithe le híoc i gcomhréir le hAirteagal 148 den Chomhaontú maidir leis an Ríocht Aontaithe a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach (an ‘Comhaontú um

[11] Is ó na boinn CBL chaidhpeáilte a tháinig na méideanna atá aibhsithe i ndath liath, mar a mhínítear i bhfonóta 10 thuas.

Tharraingt Siar')[12] agus cumhdaítear léi go háirithe sciar na Ríochta Aontaithe sna gealltanais gan íoc roimh 2021 atá le híoc in 2024, chomh maith le sciar na Ríochta Aontaithe i ndliteanais an Aontais (amhail pinsin) agus sna dliteanais airgeadais theagmhasacha. Áirítear i ranníocaíocht fhoriomlán na Ríochta Aontaithe freisin na méideanna atá dlite don Ríocht Aontaithe i ndáil le ceartuithe agus coigeartuithe acmhainní dílse le haghaidh na mblianta airgeadais go dtí 2021.

Tá ranníocaíocht na Ríochta Aontaithe bunaithe ar sciar na Ríochta Aontaithe[13], a ríomhtar mar an cóimheas idir na hacmhainní dílse a chuir an Ríocht Aontaithe ar fáil sna blianta 2014 go 2020 agus na hacmhainní dílse a chuir na Ballstáit uile, lena n-áirítear an Ríocht Aontaithe, ar fáil le linn na tréimhse sin. Rinneadh sciar na Ríochta Aontaithe a choigeartú in 2022 i gcomhréir le hAirteagal 139 den Chomhaontú um Tharraingt Siar. Socraíodh sciar cinntitheach na Ríochta Aontaithe ag 12,431681219587700 %.

Cuirtear i láthair sa tábla thíos ranníocaíocht nuashonraithe na Ríochta Aontaithe le buiséad 2024. Áirítear ann na heilimintí a d'íoc an Ríocht Aontaithe cheana féin idir mí Eanáir agus mí na Bealtaine 2024 mar chuid de shonrasc mhí Mheán Fómhair 2023, na heilimintí a áiríodh i sonrasc mhí Aibreáin 2024, agus meastacháin le haghaidh na n-eilimintí atá le cur san áireamh i sonrasc mhí Mheán Fómhair 2024 atá ar eolas ag an gcéim seo. Mar thoradh ar an nuashonrú, tá ranníocaíocht na Ríochta Aontaithe i bhfad níos ísle i gcomparáid leis an meastachán a áirítear i mbuiséad 2024, go príomha mar gheall ar thearc-chur chun feidhme ghealltanais le híoc (RAL) Brexit in 2023 agus méideanna tuairiscithe na ndliteanas teagmhasach, na nglancheartúchán airgeadais agus na bhfíneálacha. Déantar an méid athbhreithnithe de ranníocaíocht na Ríochta Aontaithe a áirítear in DBL 4/2024 a ríomh agus na módúlachtaí íocaíochta a leagtar amach in Airteagal 148 den Chomhaontú um Tharraingt Siar á gcur san áireamh.

Dá bhrí sin, tá sé beartaithe an meastachán a tugadh isteach i mbuiséad 2024 a thabhairt cothrom le dáta dá réir sin. Ar an iomlán, laghdóidh sé sin ranníocaíocht mheasta na Ríochta Aontaithe le buiséad 2024 faoi EUR 1 519 milliún, méid a mbeidh EUR 1 518 milliún d'ioncam ginearálta ina chuid de.

Ranníocaíocht nuashonraithe na Ríochta Aontaithe in 2024 (in EUR)

	Tagairt d'Airteagal an Chomhaontaithe um Tharraingt Siar	**2024**
Ranníocaíocht iomlán na Ríochta Aontaithe in 2024, agus de sin:		**2 383 779 493**
1. RAL roimh 2021 (lena n-áirítear glancheartúcháin airgeagais) - dlite le híoc in 2023	Airt. 140	3 752 776 625
2. Dliteanais/pinsin an Aontais*	Airt.142	309 083 761
3. Ceartúcháin agus coigeartuithe acmhainní dílse, agus de sin:		-1 327 709 221
3.1 Barrachas/easnamh 2020	Airt.136(3)(a)	*n/b*
3.2 Nuashonruithe/ceartúcháin na Ríochta Aontaithe (2018-2019)	Airt.136	*n/b*

[12] Comhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach, IO L 29, 31.1.2020, lch. 7.

[13] Dá dtagraítear i bpointí (a) agus (c) d'Airteagal 136(3), agus in Airteagail 140 go 147 den Chomhaontú um Tharraingt Siar.

	Tagairt d'Airteagal an Chomhaontaithe um Tharraingt Siar	2024
3.3. CBL&OIN	Airt.136	*-1 408 455 094*
3.4. ADT	Airt.136, Airt. 140(4)	*80 745 873*
4. Fíneálacha	Airt.141	-26 575 093
5. Dliteanais theagmhasacha, agus díobh sin:		-280 942 721
5.1 ELM, EFSI, EFSD, iasachtaí (Cistí ráthaíochta)	Airt.143	*-233 253 380*
5.2 Ionstraimí airgeadais	Airt.144	*-59 429 645*
5.3 Cásanna dlí (lena n-áirítear fíneálacha)	Airt.147	*11 740 305*
6. Glansócmhainní ECSC	Airt.145	-36 874 795
7. Infheistíocht EIF	Airt.146	-6 648 463
8. Rochtain ar líonraí/córais/bunachair**	Airt.34(2), Airt. 50 agus 53, Airt. 62(2), Airt. 63(1)(e), Airt. 63(2), Airt.99(3), Airt. 100(2)	669 399
** - déanfar an méid EUR 28 milliún a iontráil i mbuiséad an Aontais mar ioncaim shannta*		
*** - le hiontráil i mbuiséad an Aontais mar ioncaim shannta*		

2.4 Fíneálacha agus íocaíochtaí pionósacha

I bhfianaise na bhfíneálacha agus na n-íocaíochtaí pionósacha a briseadh ón 1 Eanáir go dtí an 31 Bealtaine 2024, tá sé beartaithe na méideanna seo a leanas a chur isteach i mbuiséad 2024:

a) EUR 257 milliún d'fhíneálacha iomaíochta.
b) EUR 341 mhilliún d'íocaíochtaí pionósacha agus de chnapshuimeanna a forchuireadh ar Bhallstáit nár chomhlíon breithiúnais Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh sa mhéid gur theip orthu oibleagáid faoi na Conarthaí a chomhlíonadh.
c) EUR 10 milliún d'ús a bhaineann le fíneálacha agus le híocaíochtaí pionósacha.
d) EUR 6 mhilliún d'fhíneálacha agus d'íocaíochtaí pionósacha neamhshannta eile, le haghaidh préimheanna astaíochtaí iomarcacha den chuid is mó.

De réir fhorálacha Airteagal 141 den Chomhaontú um Tharraingt Siar, tá an Ríocht Aontaithe i dteideal a sciar a fháil ar mhéid EUR 49 milliún, méid a áirítear sa liosta thuas faoi mhíreanna a) agus c).

Tá sé beartaithe, dá bhrí sin, méadú EUR 513 mhilliún a chur leis na réamhaisnéisí tosaigh de EUR 101 mhilliún a tugadh isteach i mbuiséad 2024, le go mbeadh iomlán EUR 614 mhilliún sna réamhaisnéisí sin.

Taispeántar an mionsonra de réir líne sa tábla thíos.

EUR

Líne ioncaim	Ainm	Buiséad 2024	DBL 4/2024	Méid nua
4 2 0	Fíneálacha a bhaineann le cur chun feidhme na rialacha iomaíochta	100 000 000	157 464 207	257 464 207
4 2 1	Íocaíochtaí pionósacha agus cnapshuimeanna arna bhforchur ar Bhallstát	iontráil mheabhráin	340 653 167	340 653 167
4 2 4	Ús a bhaineann le fíneálacha agus íocaíochtaí pionósacha	1 000 000	8 802 092	9 802 092
4 2 9	Fíneálacha agus íocaíochtaí pionósacha	iontráil	6 400 685	6 400 685

	neamhshannta eile	mheabhráin		
Iomlán		**101 000 000**	**513 320 151**	**614 320 151**

2.5 Tionchar ar an ranníocaíocht acmhainne dílse bunaithe ar OIN le haghaidh 2024

Agus na réamhaisnéisí athbhreithnithe le haghaidh ADT, le haghaidh an bhoinn CBL shimplithe, agus le haghaidh na hacmhainne dílse bunaithe ar PPW neamh-athchúrsáilte á gcur san áireamh, tá laghdú EUR 4 608 680 934 tagtha ar mhéid na n-acmhainní dílse seachas OIN. In éineacht leis an laghdú EUR 1 004 386 580 ar ioncaim eile (mar éifeacht chomhcheangailte an mhéadaithe EUR 513 mhilliún ar ioncam ó fhíneálacha agus an laghdaithe EUR 1 518 milliún ar ranníocaíocht na Ríochta Aontaithe) agus leis an méadú EUR 12 029 834 ar leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí, méadaítear leis sin ranníocaíocht OIN faoi EUR 5 625 097 348 i gcomparáid le DBL 2/2024.

Chun go n-urramófar prionsabal na cothromaíochta is infheidhme maidir le buiséad an Aontais Eorpaigh atá cumhdaithe in Airteagal 310(1) CFAE, ní mór an ráta aonfhoirmeach atá le cur i bhfeidhm ar shuim OIN na mBallstát uile a athríomh agus an t-ioncam eile ar fad á chur san áireamh.

Socraítear mar a leanas an ráta aonfhoirmeach athríofa don acmhainn dhílis bunaithe ar OIN:

Ráta aonfhoirmeach le cur i bhfeidhm ar 1 % de OIN = (caiteachas iomlán – ioncam eile – glanmhéid iomlán ADT – acmhainn dhílis bunaithe ar CBL – ranníocaíochtaí acmhainní dílse bunaithe ar PPW neamh-athchúrsáilte) /1 % de OIN

Ráta aonfhoirmeach:

= (146 789 504 431 – 5 759 356 982 – 20 119 010 896 – 23 462 700 300 – 7 139 700 400) / 177 759 974 000

= 0,508037517225334

Leagtar amach sa tábla seo a leanas na ranníocaíochtaí athbhreithnithe acmhainní dílse bunaithe ar OIN i bhfianaise an ráta aonfhoirmigh nua:

Bliain airgeadais 2024 (in EUR)

Ballstát	**1 % den bhonn OIN a úsáidtear le haghaidh DBL 2/2024**	**Ráta aonfhoirmeach acmhainn dhílis bunaithe ar OIN (in %) de réir DBL 2/2024**	**1 % de bhonn OIN (réamhaisnéis chomhaontaithe CCAD)**	**Ráta aonfhoirmeach acmhainn dhílis bunaithe ar OIN (in %) de réir DBL 4/2024**	**Difríocht in OIN**
	(1)	(2)	(3)	(4)	(5) = (3 x 4) - (1 x 2)
BE	6 053 077 000		6 175 766 000		245 984 060
BG	986 492 000		966 326 000		19 685 586
CZ	3 303 904 000		3 001 192 000		- 53 546 920
DK	4 024 834 000		4 026 848 000		123 138 705
DE	44 177 819 000		44 454 509 000		1 480 946 473
EE	411 271 000		379 844 000		- 3 487 923
IE	4 306 468 000		4 075 316 000		13 226 549
EL	2 337 353 000		2 289 476 000		46 593 171

ES	14 907 594 000		15 292 099 000		647 646 974
FR	30 027 033 000		29 677 446 000		733 432 191
HR	775 338 000		837 558 000		55 134 245
IT	21 373 179 000		21 539 329 000		732 883 590
CY	282 122 000		286 692 000		10 881 457
LV	450 918 000	0,4776970	417 641 000	0,5080375	- 3 224 882
LT	764 050 000		736 253 000		9 059 748
LU	583 760 000		541 913 000		- 3 548 270
HU	2 122 059 000		2 039 195 000		22 286 332
MT	179 697 000		188 268 000		9 806 488
NL	10 430 238 000		10 756 903 000		482 416 818
AT	5 082 933 000		4 974 837 000		99 301 957
PL	7 884 404 000		8 116 331 000		357 044 457
PT	2 651 464 000		2 732 320 000		121 524 652
RO	3 485 670 000		3 436 562 000		80 808 300
SI	676 624 000		658 148 000		11 142 616
SK	1 279 109 000		1 274 777 000		36 608 001
FI	2 886 018 000		2 833 034 000		60 645 399
SE	5 831 366 000		6 051 391 000		288 707 574
Iomlán	**177 274 794 000**		**177 759 974 000**		**5 625 097 348**

3. NUASHONRÚ AR MHÍREANNA CAITEACHAIS

3.1 Treisiú Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil (ENISA)

Tar éis ghlacadh an Ghnímh um Chibear-Athléimneacht agus an ráitis airgeadais dhlíthiúil a ghabhann leis[14], leithdháileadh cúraimí nua ar Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil (ENISA), lena gceanglaítear gníomhaire sealadach breise amháin agus saineolaí náisiúnta breise amháin ar iasacht a earcú, rud a fhágann go dtiocfaidh méadú foriomlán EUR 0,139 milliún ar an gcaiteachas gaolmhar ar fhoireann in 2024. Tá an méadú ar ranníocaíocht an Aontais le ENISA neodrach ó thaobh an bhuiséid de, ós rud é go maoineofar an costas breise trí laghdú den méid céanna caiteachais ar líne bhuiséid 02 01 30 01 den Chlár don Eoraip Dhigiteach.

Dá bhrí sin, seo a leanas an tionchar foriomlán ar chaiteachas:

EUR

Líne bhuiséid	Ainm	Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas	Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí
Roinn III – An Coimisiún			
02 10 04	Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil	139 000	139 000
02 01 30 01	Caiteachas tacaíochta le haghaidh an Chláir don Eoraip Dhigiteach	-139 000	-139 000
Iomlán		**0**	**0**

3.2 Treisiú Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (ACER)

Leis an athbhreithniú ar an ráiteas airgeadais dlíthiúil maidir le Dearadh nua an Mhargaidh Leictreachais[15], glacann Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (ACER) gníomhaíochtaí breise ar láimh, a bhfuil gá le foireann bhreise ina leith (aon ghníomhaire sealadach déag agus ceathrar gníomhairí ar conradh), rud a fhágann méadú foriomlán EUR 3,34 milliún ar chaiteachas foirne. Tá ceithre phost mar ghníomhaire sealadach i mbuiséad 2024 cheana féin chun na críche sin, ach tá seachtar gníomhairí sealadacha eile agus ceathrar gníomhairí ar conradh san áireamh sa Dréachtbhuiséad Leasaitheach seo. Ar an gcaoi chéanna, a mhéid a bhaineann leis an gcaiteachas gaolmhar, cuireadh EUR 684 000 san áireamh cheana féin i mbuiséad 2024, agus tá sé beartaithe méid breise EUR 2,656 milliún a chur ar fáil tríd an Dréachtbhuiséad Leasaitheach seo.

Seo a leanas an tionchar foriomlán ar chaiteachas:

EUR

Líne bhuiséid	Ainm	Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas	Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí
Roinn III – An Coimisiún			
02 10 06	Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh	2 656 000	2 656 000
Iomlán		**2 656 000**	**2 656 000**

Leagtar amach san iarscríbhinn bhuiséadach na hathruithe gaolmhara ar an bplean bunaíochta.

---

14 COM(2022)454; Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na ceanglais chothrománacha chibearshlándála le haghaidh táirgí a bhfuil eilimintí digiteacha acu agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1020

15 COM (2023)148: Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialacháin (AE) 2019/943 agus (AE) 2019/942 mar aon le Treoracha (AE) 2018/2001 agus (AE) 2019/944 chun feabhas a chur ar dhearadh an mhargaidh leictreachais san Aontas

3.3 Laghdú ar líon na foirne agus ar ranníocaíocht an Aontais leis an Údarás um an Sciúradh Airgid a Chomhrac (ÚSAC)

Tá an chaibidlíocht maidir le bunú an Údaráis um an Sciúradh Airgid a Chomhrac (ÚSAC) ag tógáil níos mó ama ná mar a bhí beartaithe ar dtús agus, dá bhrí sin, ní chuirfear tús le bunú na gníomhaireachta go dtí 2024. Dá bhrí sin, tá athbhreithniú déanta ar an ráiteas airgeadais dlíthiúil comhfhreagrach, rud a fhágann go bhfuil laghdú ar an líon foirne in 2024 go dtí ocht bpost sa phlean bunaíochta (i.e. laghdú faoi iomlán de 27 bpost sa phlean bunaíochta le haghaidh 2024), naoi ngníomhaire ar conradh agus beirt saineolaithe náisiúnta ar iasacht. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe freisin méid na leithreasuithe is gá in 2024 a laghdú faoi EUR 3,812 milliún ón gcúlchiste (an teideal 'forálacha') i gcás ina bhfuil EUR 5 107 785 inscríofa i gcomhréir le hAirteagal 49 den Rialachán Airgeadais. Siarchoinneáil lamháltas sách mór is ea é sin i gcomparáid leis an ráiteas airgeadais dlíthiúil bunaidh. Tiocfaidh méadú dá réir ar an gcorrlach i gceannteideal 1.

Dá bhrí sin, seo a leanas an tionchar foriomlán ar chaiteachas:

EUR

Líne bhuiséid	Ainm	Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas	Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí
Roinn III – An Coimisiún			
30 02 02	Leithreasuithe difreálaithe (Cúlchiste d'airteagal buiséid 03 10 05)	- 3 812 166	-3 812 166
Iomlán		**- 3 812 166**	**-3 812 166**

Leagtar amach san iarscríbhinn bhuiséadach na hathruithe gaolmhara ar an bplean bunaíochta.

3.4 Inmheánú post criticiúil íogair i nGníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis (EUSPA)

Chun a áirithiú gur baill foirne inmheánacha a dhéanfaidh na cúraimí innealtóireachta criticiúla a bhaineann leis an tslándáil, tá gá ag Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis (EUSPA) le trí phost breise mar ghníomhaire sealadach agus beirt ghníomhairí ar conradh chun na poist criticiúla is íogaire a choinneáil inmheánach in 2024. Tá sé beartaithe an cistiú is gá do na poist sin de EUR 0,3 milliún a chúiteamh trí laghdú comhfhreagrach ar imchlúdach an chláir Spáis. Moltar treisiú comhchosúil freisin sa Dréachtbhuiséad le haghaidh 2025.

Seo a leanas an tionchar foriomlán ar chaiteachas:

EUR

Líne bhuiséid	Ainm	Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas	Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí
Roinn III – An Coimisiún			
04 10 01	Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis (EUSPA)	308 000	308 000
04 02 01	Galileo / EGNOS	-308 000	-308 000
Iomlán		**0**	**0**

Leagtar amach san iarscríbhinn bhuiséadach na hathruithe gaolmhara ar an bplean bunaíochta.

3.5 Méadú ar ranníocaíocht an Aontais leis an nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach (EMA)

Mar thoradh ar an gComhaontú um Tharraingt Siar, rinneadh an Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach (EMA) a athlonnú ó Londain go hAmstardam i mí Eanáir 2020. Ina dhiaidh sin, cuireadh an t-áitreabh ina raibh ceanncheathrú EMA i Londain amach ar cíos don chuideachta WeWork. I bhfianaise na ndeacrachtaí airgeadais a bhí ag WeWork agus na hathchaibidlíochta a rinneadh le déanaí maidir leis

an gconradh cíosa, ní mór ranníocaíocht chomhardaithe an Aontais le EMA a mhéadú chun laghdú an ioncaim atá le fáil ó chíos an fhoirgnimh a chumhdach.

Seo a leanas an tionchar foriomlán ar chaiteachas:

EUR

Líne bhuiséid	Ainm	Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas	Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí
Roinn III – An Coimisiún			
06 10 03 01	An Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach (EMA)	11 186 000	11 186 000
Iomlán		**11 186 000**	**11 186 000**

3.6 Méadú ar ranníocaíocht an Aontais le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust)

Le blianta beaga anuas, tá caiteachas Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust) faoi bhrú ar leith mar gheall ar bhoilsciú láidir, a raibh tionchar díreach nach beag aige ar chaiteachas ar thuarastail, chomh maith le costais tógála agus chothabhála. Chun go mbeidh Eurojust in ann leanúint dá chaiteachas oibríochtúil a mhaoiniú, chuir an Coimisiún suim EUR 2,46 milliún ar fáil don ghníomhaireacht le linn 2023, agus tá suim bhreise EUR 2 mhilliún i nDréachtbhuiséad 2025 chun na críche sin. Le haghaidh na bliana 2024, tá sé beartaithe ranníocaíocht an Aontais le Eurojust a threisiú faoi EUR 2 mhilliún, chun buiséad na gníomhaireachta a choinneáil ar bhonn cobhsaí.

EUR

Líne bhuiséid	Ainm	Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas	Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí
Roinn III – An Coimisiún			
07 10 07	Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil	2 000 000	2 000 000
Iomlán		**2 000 000**	**2 000 000**

3.7 Treisiú ranníocaíocht an Aontais le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (EU-LISA)

Le roinnt tionscnaimh reachtacha i gcomhthéacs an Chomhshocraithe maidir le hImirce agus Tearmann, leathnaíodh raon feidhme ghníomhaíochtaí Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun bainistiú oibríochtúil a dhéanamh ar chórais mhórscála TF sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais (EU-LISA). Chuige sin, tá gá le treisiú iomchuí na foirne a leithdháiltear ar na gníomhaíochtaí nua agus le méadú ar an gcaiteachas gaolmhar. Baineann sin go sonrach leis na nithe seo a leanas:

- Maidir le grúpáil na ngníomhaíochtaí a bhaineann leis an mBunachar Sonraí Eorpach chun comparáid a dhéanamh idir taifid dhachtalascópacha iarrthóirí tearmainn (EURODAC)[16],

[16] Rialachán (AE) 2024/1358 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 maidir le bunú ‘Eurodac’ chun sonraí bithmhéadracha a chur i gcomparáid le chéile chun Rialacháin (AE) 2024/1351 agus (AE) 2024/1350 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 2001/55/CE ón gComhairle a chur i bhfeidhm go héifeachtach, agus chun náisiúnaigh tríú tír agus daoine gan stát atá ag fanacht go neamhdhleathach a shainaithint, agus maidir le hiarrataí ó údaráis forfheidhmithe dlí na mBallstát agus iarrataí ó Europol ar chomparáidí a dhéanamh le sonraí Eurodac chun críocha fhorfheidhmiú an dlí, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2018/1240 agus (AE) 2019/818 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 603/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle(IO L, 2024/1358, 22.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1358/oj).

grúpáil a áirítear sa Chomhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann in EU-LISA, éilítear léi ochtar gníomhairí sealadacha breise agus seachtar gníomhairí ar conradh, mar aon le méadú gaolmhar EUR 13,685 milliún ar leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus EUR 1,045 milliún ar leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí. Tá sé beartaithe an méadú sin a fhritháireamh go hiomlán trí laghdú a dhéanamh ar na leithreasuithe sa Chiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht (AMIF) (40 % nó EUR 5,474 milliún i ngealltanais agus EUR 0,42 milliún i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí) agus san Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí (BMVI) (60 % nó EUR 8,211 milliún i ngealltanais agus EUR 0,63 milliún i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí), agus dá bhrí sin, tá sé neodrach ó thaobh an bhuiséid de. Déanfar an méadú foirne (poist don phlean bunaíochta + gníomhairí ar conradh) in eu-LISA a fhritháireamh go páirteach i gcoinne Frontex, i gcomhréir leis an ráiteas airgeadais reachtach le haghaidh EURODAC.

- Bhain an ráiteas airgeadais dlíthiúil le Scagadh a dhéanamh ar náisiúnaigh tríú tír ag na teorainneacha seachtracha, rud a áirítear sa Chomhshocrú maidir le hImirce agus Tearmann[17] agus lena n-éilítear cúigear gníomhairí sealadacha breise agus beirt ghníomhairí ar conradh. Tá sé beartaithe na costais ghaolmhara EUR 10,494 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus EUR 0,884 milliún i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a fhritháireamh ó IBTV.

Leagtar amach san iarscríbhinn bhuiséadach na hathruithe gaolmhara ar an bplean bunaíochta.

EUR

Líne bhuiséid	**Ainm**	**Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas**	**Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí**
Roinn III – An Coimisiún			
11 10 02	Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais	24 179 000	1 929 000
10 02 01	An Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht (AMIF)	-5 474 000	-418 000
11 02 01	An Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí (IBTV)	-18 705 000	-1 511 000
Iomlán		**0**	**0**

4. MAOINIÚ

Ar an iomlán, is méadú EUR 12,0 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus faoi chomhair íocaíochtaí atá ann mar thoradh ar thionchar glan DBL 4/2024 ar chaiteachas. Tá sé beartaithe an ghné ioncaim den bhuiséad a choigeartú mar a leagtar amach in DBL 4/2024.

Ós rud é nach bhfuil corrlaigh ná spás le haghaidh ath-imlonnú ann faoi fho-cheannteideal 2b, molann an Coimisiún an Ionstraim Sholúbthachta a shlógadh i gcomhréir le hAirteagal 12 de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093[18] i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas le haghaidh mhéid EUR 13,2 milliún maidir le fo-cheannteideal 2b Athléimneacht agus Luachanna chun ranníocaíocht an Aontais le EMA agus Eurojust a threisiú.

[17] Rialachán (AE) 2024/1356 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 lena dtugtar isteach scagadh ar náisiúnaigh tríú tír ag na teorainneacha seachtracha agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 767/2008, (AE) 2017/2226, (AE) 2018/1240 agus (AE) 2019/817 (IO L, 2024/1356, 22.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1143/oj).

[18] Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil le haghaidh na mblianta 2021 go 2027 (IO L 433I, 22.12.2020, lch. 11, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2020/2093/oj).

Meastar gurb é EUR 1 751,2 milliún atá i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí 2024 a bhaineann le slógadh na hIonstraime Solúbthachta sna blianta 2021 go 2024. Tá sceideal íocaíochta measta na méideanna gaolmhara gan íoc le haghaidh na mblianta sin sonraithe sa tábla seo a leanas:

An Ionstraim Sholúbthachta - próifíl íocaíochta (i milliúin EUR)					
Bliain slógtha	**2024**	**2025**	**2026**	**2027**	**Iomlán**
2021	7,6	0,0	0,0	0,0	**7,6**
2022	49,8	36,7	0,0	0,0	**86,5**
2023	279,0	120,6	83,2	0,0	**482,8**
2024	1 414,7	107,6	83,7	46,3	**1 652,3**
2025	0,0	1 192,8	0,0	0,0	**1 192,8**
Iomlán	**1 751,2**	**1 457,8**	**166,9**	**46,3**	**3 422,1**

5. TÁBLA ACHOMAIR DE RÉIR CHEANNTEIDEAL CAI

In EUR

		Buiséad 2024 (lena n-áirítear BLanna 1-2/2024 - DBL 2/2024)		Dréachtbhuiséad Leasaitheach 4/2024		Buiséad 2024 (lena n-áirítear BLanna 1-2/2024, DBL 2/2024, DBL 4/2024)	
		LfcG	**LfcÍ**	**LfcG**	**LfcÍ**	**LfcG**	**LfcÍ**
1	**An Margadh Aonair, Nuálaíocht agus Cúrsaí Digiteacha**	**21 493 372 987**	**20 827 967 003**	**-1 156 166**	**-1 156 166**	**21 492 216 821**	**20 826 810 837**
	Uasteorainn	*21 598 000 000*				*21 598 000 000*	
	Corrlach	*104 627 013*		*1 156 166*		*105 783 179*	
2	**Comhtháthú, Athléimneacht agus Luachanna**	**74 564 290 949**	**33 719 596 204**	**13 186 000**	**13 186 000**	**74 577 476 949**	**33 732 782 204**
	Agus de sin, faoin Ionstraim Sholúbthachta	*1 293 095 333*		*13 186 000*		*1 306 281 333*	
	Uasteorainn	*73 289 000 000*				*73 289 000 000*	
	Corrlach	*17 804 384*				*17 804 384*	
2a.	Comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach	64 665 195 616	24 155 654 152			64 665 195 616	24 155 654 152
	Uasteorainn	*64 683 000 000*				*64 683 000 000*	
	Corrlach	*17 804 384*				*17 804 384*	
2b.	Athléimneacht agus luachanna	9 899 095 333	9 563 942 052	13 186 000	13 186 000	9 912 281 333	9 577 128 052
	Agus de sin, faoin Ionstraim Sholúbthachta	*1 293 095 333*		*13 186 000*		*1 306 281 333*	
	Uasteorainn	*8 606 000 000*				*8 606 000 000*	
	Corrlach						
3	**Acmhainní Nádúrtha agus an Comhshaol**	**57 338 630 839**	**54 151 402 941**			**57 338 630 839**	**54 151 402 941**
	Uasteorainn	*57 449 000 000*				*57 449 000 000*	
	Corrlach	*110 369 161*				*110 369 161*	
	Agus de sin: Caiteachas a bhaineann leis an margadh agus íocaíochtaí díreacha	**40 517 278 000**	**40 505 482 213**			**40 517 278 000**	**40 505 482 213**
	Fo-uasteorainn CERT	*41 649 000 000*				*41 649 000 000*	
	Difríocht an tslánaithe eisiata chun an fochorrlach a ríomh	*722 000*				*722 000*	
	Glanaistrithe idir CERT agus CETFT	*-1 046 000 000*				*-1 046 000 000*	
	An t-iarmhéid glan atá ar fáil le haghaidh chaiteachas CERT (fo-uasteorainn arna ceartú le haistrithe idir CERT agus CETFT)	*40 603 000 000*				*40 603 000 000*	
	Fochorrlach CERT	*85 722 000*				*85 722 000*	
4	**Imirce agus Bainistiú Teorainneacha**	**3 892 705 671**	**3 248 967 443**			**3 892 705 671**	**3 248 967 443**

	Uasteorainn	*4 020 000 000*				*4 020 000 000*	
	Corrlach	*127 294 329*				*127 294 329*	
5	**Slándáil agus Cosaint**	**2 697 177 926**	**2 035 413 531**			**2 697 177 926**	**2 035 413 531**
	Agus de sin, faoin Ionstraim Sholúbthachta	*317 177 926*				*317 177 926*	
	Uasteorainn	*2 380 000 000*				*2 380 000 000*	
	Corrlach						
6	**An Chomharsanacht agus an Domhan**	**16 731 000 000**	**15 315 050 313**			**16 731 000 000**	**15 315 050 313**
	Agus de sin, faoin Ionstraim Sholúbthachta	*28 828 204*				*28 828 204*	
	Agus de sin, faoin Ionstraim Corrlaigh Aonair 11(1)(a)	*371 171 796*				*371 171 796*	
	Uasteorainn	*16 331 000 000*				*16 331 000 000*	
	Corrlach						
7	**Riarachán Poiblí Eorpach**	**11 988 000 603**	**11 988 000 603**			**11 988 000 603**	**11 988 000 603**
	Agus de sin, faoin Ionstraim Corrlaigh Aonair 11(1)(a)	*215 000 603*				*215 000 603*	
	Uasteorainn	*11 773 000 000*				*11 773 000 000*	
	Corrlach						
	agus de sin: Caiteachas riaracháin na n-institiúidí	**9 175 375 841**	**9 175 375 841**			**9 175 375 841**	**9 175 375 841**
	Fo-uasteorainn	*9 006 000 000*				*9 006 000 000*	
	Fochorrlach						
	Leithreasuithe le haghaidh ceannteideal	**188 705 178 975**	**141 286 398 038**	**12 029 834**	**12 029 834**	**188 717 208 809**	**141 298 427 872**
	Uasteorainn	***186 840 000 000***	***170 543 000 000***			***186 840 000 000***	***170 543 000 000***
	Agus de sin, faoin Ionstraim Sholúbthachta	***1 639 101 463***	***1 737 992 297***	***13 186 000***	***13 186 000***	***1 652 287 463***	***1 751 178 297***
	Agus de sin, faoin Ionstraim Corrlaigh Aonair 11(1)(a)	***586 172 399***				***586 172 399***	
	Corrlach	***360 094 887***	***30 994 594 259***	***1 156 166***	***1 156 166***	***361 251 053***	***30 995 750 425***
	Ionstraimí speisialta téamacha	**6 517 600 432**	**5 491 076 559**			**6 517 600 432**	**5 491 076 559**
	Iomlán na leithreasuithe	**195 222 779 407**	**146 777 474 597**	**12 029 834**	**12 029 834**	**195 234 809 241**	**146 789 504 431**